# Tinneas agus As-láithreacht

**Tá mé ag meabhrú do phobal na scoile nár chóir do pháistí nó do mhúinteoirí a bheith ar scoil má tá siad tinn. Fan sa mbaile agus faigh comhairle dochtúra.**

**Ag luí le dea-chleachtais COVID-19, agus comhairle an Rialtais:**

Má tá do pháiste tinn ar maidin, tá sé rí-thábhachtach go gcoinneofar sa mbaile iad, agus go bhfaighfidh tuismitheoirí / caomhnóirí comhairle dochtúra. Tá sé de cheart ag an scoil gasúir a chur abhaile ar an bpointe boise má tá comharthaí tinnis acu.

**CALPOL/LEIGHEAS: Leathanach 13 de Phlean Freagartha Scoile COVID-19**

Tá sé luaite i bPlean COVID-19 na scoile nár choir gasúir a chur ar scoil má tá siad tinn. Má theastaíonn **Calpol** nó aon chógas leighis eile ó do pháiste, ciallaíonn sé go bhfuil siad tinn, agus níor cheart go mbeadh siad ag teacht ar scoil.

**An Slaghdán (Common Cold)**

Tá siomptóim **an slaghdáin** ag dul thimpeall na scoile faoi láthair, agus ní mór páistí / múinteoirí fanacht sa mbaile má tá na siomptóim seo acu:

- Srón agus súile ag sileadh
- Sraothartach

**Duillín As-láithreacht agus Teacht ar ais Ar Scoil:**

Mar is eol daoibh, tá cásanna COVID-19 ag ardú timpeall na tíre, agus ní mór dúinn anois a bheith fíor-dhíograiseach mar phobal scoile maidir le siomptóim tinneas. Tá sé cinnithe ag an scoil as seo amach, má tá do pháiste as láthair, go bhfuil **dhá nóta** le cur ar ais ar scoil:

1. Nóta as-láthaireacht nua (istigh leis an nuachtlitir seo)
2. Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora / Caomhnóra maidir le filleadh ar Scoil, ó Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte

Is féidir iad a sheoladh chuig ríomhphost: (scoilnaomhciaran@gmail.com)

Le bhur dtoil, tá bhur dtuisceana agus bhur gcomhoibriú ag teastáil. Is ar mhaithe le sláinte na ngasúir agus an fhoireann atá an meabhrú seo á dhéanamh.

Le mór mheas,

Éabha Ní Chualáin, Príomhoide.

# Nóta Díláithreachais

- Ainm an dalta: ________________________________
- Rang: __________________.
- Dáta(í) díláithreachais ó: _______________ go ____________ san áireamh.
- Cé mhéid lá scoile caillte san iomlán? ☐
- Míniú ar an as-láithreachais:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

*Cuir ✓ i mbosca amháin díobh seo a leanas, mar chúis ar an as-láithreachais:*

A. Tinneas: ☐

B. Cúiseanna Práinneacha clainne: ☐

C. Saoire clainne & rl: ☐

D. Fíonraí/Suspension: ☐

E. Eile: ☐

F. Gan miniú: ☐

Síniú an Tuismitheora: ___________________
(le cló - type or sign with photo editor)

Dáta: ____________________

**Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora / Chaomhnóra: Filleadh ar Áis Oideachasúil**

# Return to Educational Facility Parental Declaration Form

| Child's Name: Ainm: | Manager's Name: Éabha Ní Chualáin |
|---|---|
| Parents/Guardian's Name: Ainm an tuismitheora / caomhnóra: | |
| Name of Setting: Scoil Naomh Ciarán | |

**Líon an foirm dhearbhaithe seo nuair atá do pháiste ag teacht ar ais ar scoil i ndiaidh aon as láithearacht**

This form is to be used when children are returning to the setting after any absence.

**Dearbhú:**

Declaration:

I have no reason to believe that my child has infectious disease and I have followed all medical and public health guidance with respect to exclusion of my child from educational facilities.

**Níl aon chúis imní agam go bhfuil galar tógálach ar mo pháiste agus lean mé gach treoir leighis agus sláinte poiblí, maidir le mo pháiste a eisiamh ó áiseanna oideachais.**

Signed ______________________________

**Sínithe**

Date: ____________________

**Dáta**